Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2252(INI)

6.3.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar Thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an gCosaiv
(2025/2252(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Riho Terras

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 10

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar Thuarascáil 2025 ón gCoimisiún maidir leis an gCosaiv
(2025/2252(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv, den pháirt eile[1], atá i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2016,

– ag féachaint d'iarratas na Cosaive an 15 Nollaig 2022 ar bhallraíocht san Aontas Eorpach,

– ag féachaint d'iarratas na Cosaive an 12 Bealtaine 2022 ar bhallraíocht i gComhairle na hEorpa,

– ag féachaint don chreat-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv maidir leis na prionsabail ghinearálta le haghaidh rannpháirtíocht na Cosaive i gcláir an Aontais,[2] atá i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2017,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin[4], a mhéid a bhaineann leis an gCosaiv, lena gceadaítear taisteal gan víosa do shealbhóirí pasanna bithmhéadracha na Cosaive amhail ón 1 Eanáir 2024,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú[5],

– ag féachaint do chonclúidí na hUachtaránachta ó chruinniú na Comhairle Eorpaí in Thessaloniki an 19 agus an 20 Meitheamh 2003,

– ag féachaint do chruinnithe mullaigh AE-na Balcáin Thiar a tionóladh i Sóifia, i Ságrab agus in Brdo pri Kranju in 2018, 2020 agus 2021 faoi seach, agus dá ndearbhuithe,

[1] IO L 71, 16.3.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/342/oj.
[2] IO L 195, 27.7.2017, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2017/1388/oj.
[3] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj.
[4] IO L 110, 25.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/850/oj.
[5] IO L, 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj.

– ag féachaint do chruinniú Cheannairí na mBalcán Thiar an 1 Iúil 2025 i Scóipé, an Mhacadóin Thuaidh, maidir leis an bPlean Fáis do na Balcáin Thiar,

– ag féachaint do dhearbhú ón gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar an 17 Nollaig 2025,

– ag féachaint do chonclúidí na huachtaránachta an 16 Nollaig 2025 maidir le méadú,

– ag féachaint do Phróiseas Bheirlín , a seoladh an 28 Lúnasa 2014,

– ag féachaint do chonclúidí an Chathaoirligh ó Chruinniú Mullaigh 2025 maidir le Próiseas Bheirlín , a tionóladh an 22 Deireadh Fómhair 2025,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *An Economic and Investment Plan for the Western Balkans* [Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0641),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 dar teideal ‘Plean nua fáis do na Balcáin Thiar’ (COM(2023)0691),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Márta 2024 maidir le hathchóirithe réamh-mhéadaithe agus athbhreithnithe beartais (COM(2024)0146),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Samhain 2025 dar teideal ‘Teachtaireacht 2025 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh um Méadú’ (COM(2025)0690) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis dar teideal *Kosovo 2025 Report* [Tuarascáil 2025 ar an gCosaiv] (SWD(2024)0752),

– ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Fuinnimh, a síníodh san Aithin an 25 Deireadh Fómhair 2005, arb é is aidhm dó rialacha mhargadh inmheánach fuinnimh an Aontais a leathnú chuig oirdheisceart na hEorpa,

– ag féachaint do Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 10 Meitheamh 1999, do thuairim chomhairleach an 22 Iúil 2010 ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais aontaobhach i leith na Cosaive a bheith i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus do Rún 64/298 an 9 Meán Fómhair 2010 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, inar aithníodh inneachar thuairim CBI, agus inar cuireadh fáilte roimh thoilteanas an Aontais chun an t-idirphlé idir an tSeirbia agus an Chosaiv a éascú,

– ag féachaint d’ailíniú leanúnach na Cosaive le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais,

– ag féachaint don chéad chomhaontú ar phrionsabail lena rialaítear normalú an chaidrimh idir an tSeirbia agus an Chosaiv an 19 Aibreán 2013 agus do chomhaontuithe an 25 Lúnasa 2015, agus don idirphlé leanúnach arna éascú ag an Aontas chun an caidreamh a normalú,

– ag féachaint do Chomhaontú na Bruiséile an 27 Feabhra 2023 agus do Chomhaontú

Ohrid an 18 Márta 2023 agus don iarscríbhinn cur chun feidhme a ghabhann leis,

– ag féachaint do láithreacht agus sainordú leanúnach Fhórsa na Cosaive (KFOR) faoi stiúir ECAT, a leanann de bheith ag cuidiú le timpeallacht shábháilte shlán agus saoirse gluaiseachta a choinneáil sa Chosaiv,

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/1161 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX Kosovo)[6] , lenar cuireadh síneadh le sainordú an mhisin go dtí an 14 Meitheamh 2027,

– ag féachaint don réamhthuarascáil ó Mhisean Breathnóireachta an Aontais um Thoghcháin ar thoghcháin pharlaiminteacha 2025 sa Chosaiv,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir leis an gCosaiv,

– ag féachaint do na moltaí comhpháirteacha a glacadh ag an 12ú cruinniú den Choiste Parlaiminteach Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas agus an Chosaiv, a tionóladh an 9 Nollaig 2024,

– ag féachaint d'Innéacs na Braistinte i dtaca le hÉilliú 2025 ó Transparency International,

– ag féachaint d'Innéacs Domhanda de Shaoirse an Phreasa 2025 ag Tuairisceoirí gan Teorainneacha,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2026),

A. de bhrí go bhfuil an méadú ar cheann de na hionstraimí beartais eachtraigh is rathúla de chuid an Aontais agus gur infheistíocht gheopholaitiúil straitéiseach é sa tsíocháin, sa chobhsaíocht agus sa tslándáil fhadtéarmach ar fud na mór-roinne;

B. de bhrí gurb iad an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta na luachanna bunúsacha ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe;

C. de bhrí go ndéantar gach tír de chuid an mhéadaithe a mheas ar a fiúntas féin; de bhrí gurb é cur chun feidhme na n-athchóirithe is gá agus comhlíonadh na sraithe critéar agus comhluachanna Eorpacha a chinneann tráthchlár agus dul chun cinn an aontachais;

D. de bhrí go mbraitheann slí na Cosaive i dtreo bhallraíocht an Aontais chomh maith ar normalú an chaidrimh leis an tSeirbia;

Tiomantas d'Aontachas leis an Aontas Eorpach

1. ag moladh thiomantas leanúnach na Cosaive d'aontachas leis an Aontas Eorpach, lena léirítear rogha shoiléir straitéiseach gheopholaitiúil, agus ardleibhéal tacaíochta ón

[6] IO L 2025/1161, 6.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1161/oj.

bpobal do chonair Eorpach na Cosaive;

2. á athdhearbhú go gcreideann sí go láidir gur san Aontas Eorpach atá todhchaí na Cosaive, go háirithe i bhfianaise na dinimice geopholaitiúla atá ann faoi láthair sa réigiún, athruithe móra tapa i bpolaitíocht an domhain agus iomaíocht mhéadaitheach le réimis fhorlámhacha;

3. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh Tionól agus Rialtas nua na Cosaive an 12 Feabhra 2026, tar éis na dtoghchán parlaiminteach luath a reáchtáladh i mí na Nollag 2025 agus tar éis níos mó ná bliain de sháinn pholaitiúil; á chur in iúl gur oth léi, áfach, an próiseas polaitiúil a bhí ina stad le linn 2025 a raibh ‘bliain chaillte’ don Chosaiv mar thoradh air; á chur in iúl gur oth léi, thairis sin, nár éirigh leis an Tionóil Uachtarán nua a thoghadh laistigh den spriocdháta bunreachtúil, rud a bhrúnn an tír i dtreo toghcháin nua; ag tabhairt dá haire gur díscaoileadh an Tionól le foraithne uachtaránachta an 6 Márta 2026;

4. á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, gur dhaingnigh Tionól na Cosaive na comhaontuithe faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis an 13 Feabhra 2026;

5. á chur i bhfáth go n-éilíonn méadú inchreidte móiminteam leanúnach athchóirithe agus á iarraidh ar an gCosaiv dlús a chur lena dul chun cinn maidir le hathchóiriú a bhaineann leis an Aontas a chur chun feidhme, go háirithe i réimse an smachta reachta agus na saoirsí bunúsacha; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá tosaíocht a thabhairt an athuair do na hathchóirithe sin chun go mbeidh an Chosaiv ar an mbóthar ceart arís i dtreo aontachas leis an Aontas;

6. ag tacú le hiarratas na Cosaive ar bhallraíocht an Aontais a cuireadh isteach i mí na Nollag 2022; á iarraidh ar na cúig Bhallstát neamhaitheantais bogadh i dtreo aitheantais, rud a chuirfidh ar chumas na Cosaive dul chun cinn a dhéanamh ar chomhchéim le hiarrthóirí eile;

7. ag athdhearbhú a lántacaíochta d’iarratas na Cosaive ar bhallraíocht i gComhairle na hEorpa agus do phlean treoshuímh straitéiseach na tíre a bheith páirteach i gclár Chomhpháirtíocht ECAT um Shíocháin;

8. ag moladh go hard ailíniú leanúnach iomlán na Cosaive le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, lena n-áirítear cur chun feidhme leanúnach bhearta sriantacha an Aontais i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise, agus a cáineadh soiléir ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

9. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh deireadh de réir a chéile le bearta ón Aontas i gcoinne na Cosaive ó mhí na Bealtaine 2025, agus á iarraidh go gcuirfí deireadh láithreach leis na bearta atá fágtha, nach bhfuil údar leo a thuilleadh agus a bhfuil tionchar diúltach acu i gcónaí ar shochaí na Cosaive; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tionchar sin le feiceáil ar fud na sochaí agus go ndearna sé difear ar leith do phobail áitiúla, d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);

Daonlathas agus an smacht reachta

10. á chur in iúl gur geal léi an measúnú dearfach foriomlán ar reáchtáil na dtoghchán parlaiminteach agus áitiúil in 2025, ag tabhairt dá haire go ndearnadh iad ar bhealach síochánta, iomaíoch agus cuimsitheach;

11. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht Sheirbiaigh na Cosaive i dtoghcháin pharlaiminteacha agus áitiúla 2025 agus an ceathrar méaraí Seirbiacha nuacheaptha a tháinig i gcomharbas ar a réamhtheachtaithe Albánacha sna bardais ina bhfuil tromlach Seirbiach;

12. á chur in iúl gur oth léi na hiarrachtaí leanúnacha chun institiúidí neamhspleácha a pholaitiú, lena n-áirítear brú ar an gCoimisiún Lárnach Toghchán, agus easnaimh rialachais laistigh de Choimisiún Neamhspleách na Meán;

13. á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí cur chun feidhme teoranta straitéis an smachta reachta agus obair leantach neamhleor maidir le hathchóirithe, ballraíocht neamhiomlán de Chomhairle Bhreithiúnach na Cosaive agus de Chomhairle Ionchúiseach na Cosaive, agus moilleanna ar athchóirithe ceartais a chur chun feidhme;

14. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an dul chun cinn teoranta atá déanta sa chomhrac i gcoinne an éillithe ar an iomlán; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil laghdú tagtha ar an gCosaiv san Innéacs Domhanda Éillithe do 2025, ina bhfuil sí rangaithe sa 76ú háit as 182 thír agus chríoch, trí áit níos ísle ná mar a bhí in 2024, lena n-aisiompaítear treocht a bhí ann roimhe seo maidir le feabhas a chur de réir a chéile;

15. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe; á iarraidh go nglacfaí straitéis náisiúnta agus plean gníomhaíochta i gcoinne na coireachta eagraithe go pras;

16. ag moladh ról leanúnach EULEX atá ag cabhrú le húdaráis na Cosaive institiúidí inbhuanaithe agus neamhspleácha den smacht reachta a bhunú;

Saoirsí bunúsacha agus cearta an duine

17. ag tabhairt dá haire, cé go bhfuil an creat dlíthiúil agus institiúideach do chearta an duine i bhfeidhm den chuid is mó, nach leor an cur chun feidhme go fóill;

18. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá cur chun feidhme na reachtaíochta lena gcosnaítear cearta daoine ar de phobail neamhthromlaigh iad a neartú;

19. ag cur sonrú i dtírdhreach iolraíoch meán na Cosaive ach á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a áirithiú; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil rangú na Cosaive do shaoirse na meán tite 24 áit go 99ú háit in Innéacs Domhanda de Shaoirse an Phreasa 2025;

20. á athdhearbhú gur cúis bhuartha di ionsaithe agus bagairtí i gcoinne iriseoirí agus oibrithe sna meáin; á iarraidh go gcuirfí feabhas ar fhreagairt ionchúisimh agus go ndéanfaí reachtaíocht a bhaineann leis na meáin a ailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha eile;

21. á chur i bhfáth gur gá cistiú agus neamhspleáchas inbhuanaithe an chraoltóra phoiblí a

áirithiú; á iarraidh go ndéanfaí maoirseacht chothrom agus ionadaíoch ar Raidió Teilifís na Cosaive, craoltóir poiblí na Cosaive;

22. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bhréagaisnéis atá ag dul i méid maidir leis an teannas idir-eitneach atá á scaipeadh ag gníomhaithe eachtracha, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin; á iarraidh go mbeadh freagairt institiúideach neartaithe agus litearthacht fheabhsaithe sna meáin ann;

Athmhuintearas agus dea-chaidreamh comharsanachta

23. á mheabhrú go bhfuil normalú an chaidrimh leis an tSeirbia agus chur chun feidhme na ceangaltais maidir leis an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine fós ina dhlúthchuid de pheirspictíocht Eorpach na Cosaive;

24. á athdhearbhú go dtacaíonn sí go hiomlán leis an Idirphlé arna éascú ag an Aontas agus á chur in iúl gur geal léi an sainordú leathnaithe ag Peter Sørensen mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine go dtí an 29 Feabhra 2028;

25. á athdhearbhú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chuiditheach ó údaráis na Cosaive agus na Seirbia chun comhaontú cuimsitheach normalaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhaint amach, bunaithe ar aitheantas frithpháirteach agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar an gCosaiv agus ar an tSeirbia araon Comhaontú na Bruiséile agus Comhaontú Ohrid a chur chun feidhme, lena n-áirítear Comhlachas/Comhphobal na mBardas ina bhfuil Móramh Seirbiach a bhunú, agus deireadh a chur leis an tSeirbia a bheith ag cur i gcoinne bhallraíocht na Cosaive in eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, agus gan gníomhaíochtaí aontaobhacha a dhéanamh a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó phróiseas an idirphlé;

26. ag dréim leis go gcomhoibreoidh an Chosaiv agus an tSeirbia go hiomlán agus go ndéanfaidh siad gach beart is gá chun déantóirí ionsaí sceimhlitheoireachta 2023 in Banjska a thabhairt os comhair na cúirte go mear; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil na ciontóirí ionchúisithe fós ag an tSeirbia, go háirithe Milan Radoičić, Leas-Uachtarán Srpska Lista;

27. ag tabhairt dá haire suas le 1 590 duine ar iarraidh agus nach fios cad a tharla dóibh, agus nár réitíodh ach 26 chás idir mí Aibreáin 2024 agus mí Mheán Fómhair 2025;

28. á athdhearbhú a thábhachtaí atá KFOR agus ag moladh a iarrachtaí leanúnacha chun timpeallacht shábháilte agus shlán a áirithiú sa Chosaiv agus i réigiún na mBalcán Thiar i gcoitinne;

Athchóirithe socheacnamaíocha

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Chosaiv measartha ullamh i réimsí an bheartais eacnamaíoch agus airgeadaíochta agus an iomaíochais; á chur i bhfáth gur gá dó a chreat buiséadach a ailíniú le *acquis* an Aontais agus aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha, lena n-áirítear bonn monaraíochta cúng agus deacrachtaí ag FBManna rochtain a fháil ar mhaoiniú;

30. ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta ag an gCosaiv maidir le hullmhú don chlaochlú digiteach, lena n-áirítear seirbhísí ar líne agus cumhdach 5G a leathnú; á chur in iúl gur oth léi nach gcuirtear ach 10 % de na seirbhísí poiblí ar fáil ar líne faoi láthair agus go bhfuil an digitiú fós ilroinnte;

Fuinneamh, an comhshaol, forbairt inbhuanaithe agus nascacht

31. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Chosaiv fós ag brath go mór ar ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe atá as dáta agus gur gá di dlús a chur le hinfheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh;

32. ag spreagadh na Cosaive a hacmhainneacht institiúideach agus riaracháin a neartú chun tionscadail bhonneagair straitéiseacha a chur chun feidhme agus leanúint de thionscadail iompair agus nascachta fuinnimh atá ar feitheamh a chur chun feidhme;

33. ag tathant ar an gCosaiv a áirithiú go ndéanfar bearta iomchuí chun limistéir faoi chosaint a bhainistiú, chun an dlí maidir le bainistiú dramhaíola a leasú, agus chun an dlí maidir leis an athrú aeráide a chur chun feidhme;

°

° °

34. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Tionól Náisiúnta na Cosaive.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Coinníonn Parlaimint na hEorpa súil ghéar ar fhorbairtí polaitiúla agus socheacnamaíocha sa Chosaiv. Leis an tuarascáil seo, tá sé mar aidhm againn measúnú na Parlaiminte ar an staid sa Chosaiv a chur ar fáil agus, sa bhreis ar Thuarascáil 2025 ón gCoimisiún Eorpach ar Dhul Chun Cinn, measúnú polaitiúil na Parlaiminte ar an tréimhse atá faoi athbhreithniú sa Chosaiv a chur ar fáil freisin. Go hachomair, ní mór a mheas gur bliain chaillte don Chosaiv í 2025, ós rud é, tar éis na ngnáththoghcháin don Tionól Náisiúnta i mí Feabhra, nach bhféadfaí comhlacht reachtach ná rialtas a chur i bhfeidhm. Cé gur reáchtáladh gach ceann de na trí thoghchán, a bhí ar siúl sa Chosaiv in 2025, dhá thoghchán pharlaiminteacha agus toghchán áitiúil amháin, go síochánta agus ar bhealach ordúil, cuireadh isteach go mór ar an ngnáthphróiseas polaitiúil. Mar thoradh air sin, d'fhulaing roinnt athchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha, agus níorbh fhéidir Plean Fáis na mBalcán Thiar a chur chun feidhme.

Mar a léiríodh i dtuarascálacha roimhe seo ó Pharlaimint na hEorpa, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCosaiv maidir le hathchóirithe toghchánacha, athléimneacht eacnamaíoch, agus cosaint na gceart bunúsach. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann maidir le hathchóiriú breithiúnach, saoirse na meán, éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí, agus digitiú na seirbhísí poiblí. Tá tiomantas leanúnach d'athchóirithe cuimsitheacha agus do rialachas cuimsitheach ríthábhachtach chun go ndéanfaidh an Chosaiv dul chun cinn ar a conair lánpháirtíochta Eorpaí.

Is fadhbanna oidhreachta iad roinnt de dhúshláin na Cosaive, agus éilíonn réiteach na bhfadhbanna sin rannpháirtíocht an réigiúin ar fad i bpróiseas lánpháirtithe níos leithne an Aontais Eorpaigh. Ar an drochuair, níor tháinig na torthaí a raibh súil leo as idirphlé Pristina-Bhéalgrád, a seoladh chun teacht ar chomhréiteach atá inghlactha ag na páirtithe. Bhí an t-idirphlé díomhaoin go bunúsach in 2025. Tharla sé sin freisin toisc nach raibh sainordú ná údarás ag an gCosaiv agus níl aon ionchas ag an gcaibidlíocht san fhoirm sin. Is cinnte go gcaithfidh an Coimisiún Eorpach, chomh maith le Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit, gach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh chun a áirithiú go leanfaidh an t-idirphlé Pristine-Béalgrád ar aghaidh le fuinneamh athnuaite. Dá bhrí sin, is díol mór sásaimh é gur cuireadh síneadh le sainordú an Ionadaí Speisialta, Peter Sörensen, go dtí mí Feabhra 2028.

Tá méadú an Aontais Eorpaigh ar cheann de na scéalta ratha is tábhachtaí dá bhfuil ag an Aontas agus ní mór leanúint leis. Is é sprioc gheopholaitiúil níos leithne an mhéadaithe na limistéir liatha, mar a thugtar orthu, a bhaint de léarscáil na hEorpa. Ní mór do na hathruithe suntasacha a tharla i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine méadú a dhéanamh ar ullmhacht an Aontais Eorpaigh aghaidh a thabhairt ar ghníomhaithe forlámhacha domhanda iomaíocha. Tá sé léirithe ag an Rúis agus ag an tSín araon go bhfuil leasanna an-soiléir acu sna Balcáin Thiar.

Is próiseas dhá threo é lánpháirtiú na Cosaive san Eoraip. Chun go mbeidh an Chosaiv in ann na hathchóirithe is gá a dhéanamh, tá gá le cúnamh ón Aontas Eorpach. Tá an léirscaoileadh víosaí tar éis an teagmháil idir dhaoine agus peirspictíocht Eorpach shaoránaigh na Cosaive a neartú tuilleadh. Mar sin féin, bhí tionchar an-diúltach ag na bearta pionósacha a tugadh isteach in 2023 ar dhul chun cinn na Cosaive i dtreo na hEorpa. Cé go bhfuil na bearta ón Aontas á maolú de réir a chéile, is cúis mhór imní fós an tionchar atá acu ar an tsochaí. Déanann na bearta difear go háirithe d'eagraíochtaí éagsúla na sochaí sibhialta, do mhionlaigh náisiúnta, chomh maith le fiontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil tacaíocht shuntasach oibriúcháin faighte

acu ó chláir an Aontais. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na bearta freisin ar chreidiúnacht an Aontais Eorpaigh i measc phobal na Cosaive. Cé go bhfuil an tacaíocht don Aontas Eorpach fós an-ard, tá baol ann fós go bhféadfadh laghdú teacht uirthi mar thoradh ar na bearta.

Leis an tuarascáil seo, is mian leis an rapóirtéir forléargas agus measúnú Pharlaimint na hEorpa a chur ar fáil ar na héachtaí agus na dúshláin is tábhachtaí atá os comhair na Cosaive inniu agus go luath amach anseo. Is cinnte nach féidir na réimsí fadhbanna agus na dúshláin go léir a chumhdach sa tuarascáil seo. Ceann de na réamhriachtanais thábhachtacha chun an tuarascáil seo a ullmhú ba ea an deis cuairt a thabhairt ar an gCosaiv le linn misean aimsithe fíoras agus bualadh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, ionadaithe ó mhionlaigh náisiúnta, agus ionadaithe gnó i measc grúpaí eile.